# Comhairle Cathrach na Gaillimhe - Scéim 2026 chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú

## Treoirlínte d'Iarratasóirí

1. **Réamhrá**

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe dícheallach i dtaobh feabhas a bhaint amach ar na limistéir thráchtála sa dúiche ó thaobh cuma agus beochta de. Faoin Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú, tugtar cúnamh airgid do ghnólachtaí cáilithe chun aghaidh a bhfoirgnimh a fheabhsú. Agus muid ag tacú leis an dearadh ar ardchaighdeán agus ag léiriú meas ar na tréithe a bhaineann go speisialta le Gaillimh, is é is aidhm dúinn áit níos tarraingtí a fhorbairt do mhuintir na háite, do chuairteoirí agus do ghnólachtaí.

Tá €275,000 curtha i leataobh i mbuiséad 2026 ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tacú leis an Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú. Chun críocha na scéime seo, tá sé riachtanach go mbeidh áitreabh ag gnólachtaí incháilithe a thugann aghaidh ar an tsráid. Cuirtear urlár na talún agus aon urláir uachtaracha bhainteacha eile san áireamh i gcás aghaidh siopaí.

2. **Cuspóirí na Scéime**

Is é is aidhm don scéim seo:

- Tacú le hathchóiriú tuisceanach: Athchóiriú cúramach ar aghaidheanna siopaí a chur chun cinn i gcomhréir le treoirlínte oidhreachta agus ailtireachta.
- An sráid-dreach a fheabhsú. Limistéir thráchtála a bhfuil cuma mhaith orthu, a bhfuil teacht orthu agus a bhfuil leanúnachas eatarthu le breathnú orthu a spreagadh.
- Teacht le feabhsuithe sa ríocht phoiblí: Teacht le straitéisí níos ginearálta don athnuachan uirbeach agus le spásanna poiblí a fheabhsú.
- Comhar Cruthaitheach a chur chun cinn: Dul i mbun oibre i gcomhar le healaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí áitiúla chun aghaidheanna tarraingteacha a chruthú ar shiopaí.
- Ionchuimsitheacht a chothú: Féachaint lena chinntiú go rachaidh feabhsúcháin chun tairbhe don phobal.
- Cloí le Cuma Stairiúil na hÁite: Tús áite a thabhairt do thionscadail a bhaineann le Struchtúir Chosanta agus atá lonnaithe i Limistéir Caomhantais Ailtireachta (LCA) áirithe.

Ós rud é go gcuirtear cúnamh airgid ar fáil, spreagann an scéim úinéirí gnólachtaí, tiarnaí talún, tionóntaí agus bainisteoirí maoine gnólachtaí[1] neamhspleácha atá incháilithe agus a chuireann leis an timpeallacht áitiúil infheistíocht a dhéanamh i gcothabháil agus feabhsú a n-áitribh. Ar an gcaoi seo, tugtar tacaíocht don gheilleagar áitiúil, cuirtear le cuairt an chustaiméara agus tá an rud go léir ag teacht le tionscnaimh níos ginearálta a fhéachann leis an ríocht phoiblí a fheabhsú. Ina theannta sin, spreagtar faoin scéim bearta chun go mbeidh teacht níos fearr ag cách ar shiopaí agus ar áitribh, déantar comhar a chothú le healaíontóirí áitiúla chun oidhreacht chultúrtha agus ealaíonta na Gaillimhe a fheabhsú, chun feabhas a bhaint amach ar bhail na Struchtúr Cosanta agus na bhfoirgneamh atá i Limistéir Caomhantais Ailtireachta, chomh maith le ceantar Bóthar na Trá, agus chun tacú le scileanna traidisiúnta foirgníochta.

3. **Critéir Cháilitheachta**

Má tá siad le bheith i dteideal maoiniú a fháil faoin scéim seo, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh:

- Níl incháilithe le hiarratas a dhéanamh ach gnólachtaí a bhfuil áitreabh acu a thugann aghaidh ar an tsráid agus atá ag obair san earnáil Miondíola nó san earnáil Fáilteachais. Ní dhéanfar iarratais ó ghnólachtaí lasmuigh de na hearnálacha seo a mheas.
- Tá sé riachtanach go mbeidh na gnólachtaí suite laistigh de na teorainneacha a bhaineann leis na trí cinn de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA) seo a leanas, atá ainmnithe mar LCA i bPlean Forbartha na Gaillimhe, 2023 – 2029, agus mar atá leagtha amach sna léarscáileanna atá i ndeireadh na cáipéise seo (LCA Chroí na Cathrach, LCA Shráid Dhoiminic Íochtarach agus LCA na Faiche Móire), agus ceantar Bóthar na Trá.
- Is riachtanach gur gnólacht, ionad fáilteachais nó soláthraí seirbhíse neamhspleách atá ann (níl siopaí sraithe ná gnólachtaí saincheadúnais san áireamh sa scéim).
- Is gá gurb é an t-iarratasóir úinéir nó léas-sealbhóir (agus cead scríofa ón úinéir talún leis na hoibreacha beartaithe a dhéanamh) an áitribh.
- Taifead breá ann de bheith ag cloí le rialacháin phleanála agus aon cheanglais chuí eile a bhaineann leis an údarás áitiúil.
- Ní mór go mbeidh gnólachtaí suas chun dáta i gcás Rátaí Tráchtála nó plean íocaíochta socraithe acu.

4. **Oibreacha Incháilithe**

Tá maoiniú deontais ar fáil le oibreacha chun aghaidh siopaí a fheabhsú taobh amuigh in áiteanna ar féidir iad a fheiceáil ón ríocht phoiblí. Samplaí d’oibreacha incháilithe

[1] an sainmhíniú a thugtar go hiondúil ar ghnólacht neamhspleách ná fiontar faoi úinéireacht phríobháideach a bhíonn ag feidhmiú gan smacht ná tionchar suntasach ó chorparáidí níos mó, saincheadúnais ná an rialtas. Go hiondúil is fiontar beag nó meánmhéide (FBM) faoi úinéireacht agus bainistíocht áitiúil a bhíonn ann.

- Athchóiriú agus Feabhsú Aghaidh an tSiopa: Deisiúchán, péinteáil nó uasghráduithe beaga struchtúracha.
- Comharthaíocht dhátheangach: Comharthaí i nGaeilge agus i mBéarla le féiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn.
- Struchtúir Chosanta agus Limistéir Chaomhantais: Struchtúir Chosanta agus foirgnimh sna Limistéir Caomhantais Ailtireachta i gCathair na Gaillimhe a fheabhsú.
- Feabhsúcháin inrochtana: Bearta leis an inrochtaineacht uilíoch a fheabhsú.
- Comhar le healaíontóirí/ceardaithe áitiúla: Ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí páirteach san iarracht chun aghaidheanna siopaí a dhearadh le go mbeidh rud éigin faoi leith ag baint le gach ceann acu.
- Úsáid Scileanna Traidisiúnta Tógála: (Scríbhneoirí comharthaí, pláistéirí aoil, saoir chloiche, siúinéirí
- Glanadh Amach agus Feabhsú Glas: Comharthaí agus seirbhísí nach bhfuil feidhm leo a bhaint, comhtháthú beart plandála agus glasaithe.

5. **Oibreacha Neamh-incháilithe**

**Níl** na hoibreacha seo a leanas incháilithe ar mhaoiniú faoin scéim seo:

- Athchóiriú nó leasú taobh istigh.
- Gnáth-thascanna cothabhála nó deisiúcháin atá mar chuid den ghnáthchúram.
- Stoc, trealamh nó troscán scaoilte a cheannach/a ghlacadh ar léas.
- Oibreacha a bheidh curtha i gcrích cheana féin (tionscadail a bheidh curtha i gcrích roimh dháta ceadaithe an iarratais).
- Comharthaí sealadacha, bratacha nó ábhar fógraíochta.

6. **Leibhéil Deontas agus Maoiniú Meaitseála**

Cuirfear córas srathach deontais i bhfeidhm chun tacú le réimse tionscadal. Ní gá tabhairt faoi gach mír thíos chun bheith cáilithe don snáithe a bhfuil iarratas á dhéanamh air:

**Snáithe 1: Feabhsú ginearálta ar Aghaidh Siopaí agus Comharthaíocht**

An deontas uasta: €10,000 an t-iarratasóir, chun suas le 50% de na costais incháilithe a chlúdach as oibreacha cuir i gcás:

- Deisiúchán.
- Péinteáil.
- Comharthaíocht chuí nua.

- Uasghráduithe beaga struchtúracha
- Comharthaíocht dhátheangach.

**Snáithe 2: Feabhsúcháin Inrochtana / Glanadh Tranglaim**

An deontas uasta: €20,000 an t-iarratasóir, chun suas le 60% de na costais incháilithe a chlúdach as oibreacha cuir i gcás:

- Deisiúchán.
- Péinteáil.
- Comharthaíocht chuí nua.
- Uasghráduithe beaga struchtúracha
- Comharthaíocht dhátheangach.
- Feabhsúcháin inrochtana.
- Glanadh tranglaim (seirbhísí agus comharthaíocht gan feidhm a bhaint).

**Snáithe 3: Comhar Ealaíonta / Foirgnimh agus Limistéir Oidhreachta (i.e. Struchtúir Chosanta agus Limistéir Caomhantais Ailtireachta)**

An deontas uasta: €20,000 an t-iarratasóir, chun suas le 75% de na costais incháilithe a chlúdach as oibreacha cuir i gcás:

- Deisiúchán.
- Péinteáil.
- Comharthaíocht chuí nua.
- Uasghráduithe beaga struchtúracha
- Comharthaíocht dhátheangach.
- Feabhsúcháin inrochtana.
- Glanadh tranglaim (seirbhísí agus comharthaíocht gan feidhm a bhaint).
- Comhar le healaíontóirí nó daoine cruthaitheacha eile le gnéithe faoi leith a dhearadh d'aghaidh siopaí.
- Úsáid scileanna traidisiúnta tógála (scríbhneoirí comharthaí, pláistéirí aoil, saoir chloiche, siúinéirí).
- Oibreacha feabhsúcháin nó deisiúcháin ar Struchtúir Chosanta, foirgnimh i Limistéir Caomhantais Ailtireachta agus foirgnimh a mbaineann spéis oidhreachta leo.

7. **Iarratais Chomhpháirteacha**

Féadfaidh gnólachtaí incháilithe iarratas a dhéanamh mar aon ghnólacht amháin nó i gcomhar le grúpa. Féadfar go dtabharfar maoiniú breise, tús áite nó tacaíocht bhreise do ghrúpaí. Má bhíonn iarratas comhpháirteach ann, is féidir leanúnachas a bhaint amach sa limistéar tráchtála agus cuma mhaith air. I taca le tionscadail chomhpháirteacha ó dhá ghnólacht atá buailte ar a chéile nó os a chionn sin, an deontas is mó atá ceadaithe ná suas le 75% de na costais incháilithe (CBL san áireamh) agus íocaíocht deontais €20,000 ar a mhéad an t-áitreabh.

## 8. An Próiseas le hIarratas a dhéanamh

Ba chóir iarratais a dhéanamh ar líne. Is ar https://www.galwaycity.ie/ga atá na nasc. Má tharlaíonn nach féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne, is féidir foirm iarratais a iarraidh ar an Aonad um Fhorbairt Eacnamaíoch, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, glaoch a chur ar 091 536400 nó teachtaireacht ríomhphoist a chur chuig shopfront@galwaycity.ie. Beidh an t-eolas seo a leanas le cur ar an bhfoirm iarratais:

- Sonraí an iarratasóra agus an ghnólachta.
- Cur síos mion ar na hoibreacha atá beartaithe.
- Líníochtaí, grianghraif dhaite d'aghaidh an tsiopa faoi láthair agus sceitsí de thorthaí na hoibre atá beartaithe.
- Dhá mheastachán scríofa ar a laghad do na hoibreacha beartaithe ó chonraitheoirí cáilithe.
- Sceideal oibreacha beartaithe agus dáta Críochnaithe measta.
- Más rud é nach thú úinéir na maoine, ní mór cead a iarraidh ar an úinéir agus an cead sin a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.
- Deimhniú reatha Imréitigh Cánach nó Uimhir Deimhnithe Imréitigh Cánach (TCCN).

Is riachtanach in aon oibreacha cloí le rialacháin phleanála, leis an Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt, arna leasú) agus le caighdeáin rochtana nuair is cuí.

Ní mór aird chuí a thabhairt ar an gcáipéis Dréachtphlean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2024-2029.

Más Struchtúr Cosanta é an foirgneamh nó má tá sé i Limistéar Caomhantais Ailtireachta, tá seans ann gur gá modheolaíocht chuí chaomhantais a chur ar fáil (dírithe go díreach ar na feabhsúcháin bheartaithe). Gairmí nó Gairmithe caomhantais a chuirfidh an mhodheolaíocht seo le chéile agus a scrúdóidh na hoibreacha agus iad curtha i gcrích. Beidh Oifigeach Caomhantais Ailtireachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in ann comhairle a chur ar fáil i dtaca leis an ábhar le cur i modheolaíocht nó a raon feidhme.

## 9. Critéir na Meastóireachta

Déanfar gach iarratas a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

- Caighdeán na bhfeabhsúchán atá beartaithe d'aghaidh an tsiopa nó an fhoirgnimh.
- An tionchar ó na hathruithe beartaithe ar an sráid-dreach thart air.
- Comhlíonadh chuspóirí na scéime.
- Comhlíonadh treoirlínte deartha.
- Luach iomlán ar airgead.

Is iad baill de phainéal roghnúcháin a chuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le chéile a dhéanfaidh iarratais ar mhaoiniú a mheas. Is faoi Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an cinneadh le maoiniú a bhronnadh agus ní bheidh aon dul siar ar an gcinneadh sin.

10. **An Deontas a Tharraingt Anuas**


- Ní íocfar an maoiniú go dtí go mbeidh na hoibreacha curtha i gcrích.
- Agus na hoibreacha curtha i gcrích, íocfar íocaíochtaí ar choinníoll go mbeidh an caiteachas ag teacht leis na sonraí ar an bhfoirm iarratais. Ní dhéanfar íocaíochtaí a údarú ach de réir caiteachas deimhnithe / admhálacha.
- Is trí Ríomhaistriú Airgid a dhéanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon íocaíochtaí. Más rud é nach bhfuil íocaíocht díolta leat ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le bliain anuas, beidh ort tú féin a shocrú mar sholáthraí. Ní bheifear in ann aon íocaíocht a dhéanamh go dtí an méid sin curtha i gcrích.
- Má éiríonn an méid iomlán sna híocaíochtaí ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe níos airde ná an tairseach €10,000 taobh istigh de thréimhse 12 mhí, ní fhéadfar íocaíochtaí a dhéanamh go dtí go gcuirfear Deimhniú Imréitigh Cánach ar aghaidh chuig Rannóg na gCuntas Iníoctha, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Féadfar go ndéanfar iniúchadh lena dheimhniú go gcloífear leis an sceideal socraithe don obair.
- Má bhíonn an t-iniúchadh/na hoibreacha sásúil, íocfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ansin.
- Mura ndéantar deontas a tharraingt anuas taobh istigh de 6 mhí ó dháta eisiúna na litreach chun Deontas a Thairiscint, tarraingeofar an maoiniú siar ach amháin má bhíonn socrú eile déanta faoin am sin.
- Déanfar deontas a thairiscint bunaithe ar an meastachán is ísle a chuirfear isteach. Féadfaidh an t-iarratasóir aon soláthraí/conraitheoir ar an liosta a roghnú leis na hoibreacha a chur i gcrích. Mar sin féin, ní bheidh íocaíocht an deontais níos mó ná an méid a bheidh luaite go sonrach sa litir le deontas a thairiscint.

11. **Téarmaí agus Coinníollacha**

- Íocfar íocaíochtaí faoin scéim thuas ar choinníoll go mbeidh an caiteachas ag teacht leis na sonraí ar an bhfoirm iarratais. Ní dhéanfar íocaíochtaí a údarú ach de réir caiteachas deimhnithe / admhálacha.

- Beidh ar na deontaithe go léir cloí leis an gcaighdeán is airde den trédhearcacht agus cuntasach dá bhfuil ann, mar atá leagtha amach *i gCiorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht i dtaobh Deontais ó Chistí Státchiste* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Ní mór iarratais a fháil sula gcuirfear tús leis an obair. Ní dhéanfar deontais a thairiscint i leith oibreacha má chuirtear tús leis an obair roimh dháta ceadaithe an deontais.
- Más rud é nach thú úinéir na maoine, ní mór cead a iarraidh ar an úinéir agus an cead sin a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.
- Seans nach mbeidh cead pleanála le fáil sa gcuid is mó de bhearta a cheadófar faoin scéim, ach ba chóir don iarratasóir teagmháil a dhéanamh le Rannóg Pleanála na Comhairle chun ceanglais phleanála a shoiléiriú sula ndéanfar iarratas faoin Scéim chun Aghaidheanna Siopaí a Fheabhsú. Má theastaíonn cead pleanála do na hoibreacha beartaithe, próiseas eile atá ansin seachas an scéim seo chun iarratas a dhéanamh ar dheontas. Is iad na hamlínte a bhaineann le hiarratas pleanála a phróiseáil a bheidh i bhfeidhm ansin. Íocfar an deontas faoi réir cead pleanála a bheith faighte ag an iarratasóir más gá.
- Íocfar an deontas nuair a bheidh an obair curtha i gcrích agus iniúchta ag Oifigeach cuí ón gComhairle, nuair a bheidh na cáipéisí ar fad faighte agus nuair a bheidh na téarmaí agus coinníollacha go léir comhlíonta.
- Forchoimeádann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an ceart aici féin iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas nó cigireacht a dhéanamh ó am go chéile lena chinntiú go mbítear ag cloí le téarmaí agus coinníollacha na scéime.
- Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar aon ábhar bolscaireachta ag baint leis an tionscadal maoinithe. In aon eolas, comharthaí nó fógraíocht eile a bhainfidh leis an tionscadal seo, ba chóir aitheantas don tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is féidir lógónna nó aitheantas scríofa eile a úsáid.
- Tá sé riachtanach go mbeidh na rátaí íoctha ina n-iomláine ag an iarratasóir nó go mbeidh an t-iarratasóir ag cloí le plean / comhaontú íocaíochta i dtaca le rátaí.
- Tá sé de cheart ag an gComhairle grianghraif a fhoilsiú d'aghaidh siopaí agus iad feabhsaithe in ábhar bolscaireachta a bhaineann leis an scéim agus le cuspóir na scéime.
- Ba chóir ceisteanna a chur chuig shopfront@galwaycity.ie

12. **Léarscáileanna de Limistéir Caomhantais Ailtireachta (LCA)**




Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) na Faiche Móire




Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) Shráid Dhoiminic Íochtarach




Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) Chroí na Cathrach